

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA  
RÁTTIS AIRGEADAIS  
DON BHLAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2020

---

CLÁR

---

LEATHANACH

BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS BREISE	2
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE	3
TUAIRISC AN INTÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH	4
CUNTAS BRABÚIS & CAILLTEANAIS	7
CLÁR COMHORDAITHE	8
NÓTAÍ AR AN GCUNTAS AIRGID	9
MIONCHUNTAS TRÁDÁLA	11

## BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS BREISE

## BAILL AN BHOIRD

Cathaoirleach Dónal Ó hAiniféin  
Leascathaoirleach Cathnia Ó Muircheartaigh  
Bláthnaid Ní Ghréacháin  
Deirbhile Nic Craith  
Lorraine Finn  
Séamus Ó Fearraigh  
Dairfona Nic Con Iomaire  
Pádraig Mac Grianna  
Edel Ní Chorráin  
Elaine Ní Neachtain  
(éirithe as Mí Meán Fómhair 2020) Rita Nic Amhlaobh  
Liam Ó Diompsaigh  
(ceaptha Mí na Samhna 2020) Peadar Ó Muirí

## RÚNAÍ

Aisling Nic Craith

## OIFIG

23 Plás Windsor  
Baile Átha Cliath D02 RU80

## BAINCÉIRÍ

Banc Aontais Éireann  
40/41 Sráid Westmoreland  
Baile Átha Cliath 2

## INIÚCHÓIR

Seán Ó Súilleabháin  
Cuntasóirí Cairte &  
Iniúcháirí Reachtúil,  
An Meall,  
Daingean Uí Chúis,  
Co. Chiarraí.

---

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

---

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasafochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasafochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasafochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Tá iallach ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na Comhairle agus ar fharasbar nó ar easnamh na Comhairle don tréimhse. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do'n Chomhairle:

- polasaithe cuntasafochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Comhairle i mbun gnó.
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasafochta chuif, faoi réir aon eisceachtaí ábharthachta a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.


Deimhníonn an Comhairle go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá an Comhairle freagrach as taifid chuntasafochta cuif a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na Comhairle ag am ar bith. Tá dualgas ar an gComhairle chomh maith sócmhainní agus, dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaos nó aon ghnóthaí cama eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Chomh fada agus is eol do'n Chomhairle:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na Comhairle, agus
- tá gach céim glactha ag an gComhairle a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na Comhairle ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Sínithe thar ceann an bhoird

  
Dónal Ó hAiniféin

  
Cathnía Ó Muircheartaigh

Dáta: 22.6.2021

---

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

---

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (“an Chomhairle”) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar leathanaigh 7 go 10 ar a n-áirítear an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas, an Clár Comhardaithe agus nótaí ar na ráitis airgeadais ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasáochta mar atá leagtha amach i Nóta 1. Is é an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102, a bhfuil feidhm leis i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe.

### **Tuairimí agus conclúidí ag eascairt as m’iniúchadh**

I dtaca leis na ráitis airgeadais, i mo thuairimse

- tugann siad léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhairle ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102.

### **Bunús na Tuairime**

Stiúraigh mé m’iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (CII (Éire)) agus an dlí atá i bhfeidhm. Tá cur síos breise ar mo fhreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán seo sa chuid de mo thuarascáil dar teideal Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais. Táim neamhspleách ar an gComhairle faoi réir na gceangaltas eiticíúla a bhaineann le m’iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, ar a n-áirítear Caighdeán Eiticíúla d’Iniúcháirí in Éirinn, a d’eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáochta na hÉireann (ÚMICÉ) agus chomhlíon mé mo chuid dualgas eiticíúla eile faoi réir na gceangaltas seo [ar a n-áirítear Alt 6 den Chaighdeán Eiticíúil – Forálacha ar fáil d’Aonáin Bheaga (FafAB) (2016) faoi réir na gcúinsí atá leagtha amach i Nóta 3 ar na ráitis airgeadais].

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé dóthanach agus cuí le go mbeadh bunús le mo thuairim.

### **Tátail a bhaineann le gnóthas leantach**

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis na cúrsaí seo a leanas a bhfuil dualgas orm faoi réir CII (Éire) a thuairisciú libh nuair:

- nach bhfuil an úsáid a bhaineann comhaltaí na Comhairle as bonn cuntasáochta an ghnóthais leantaigh, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, cuí; nó
- nár nocht comhaltaí na Comhairle sna ráitis airgeadais aon éiginnteachtaí ábhartha aitheanta a d’fhágfadh faoi amhras suntasach cumas na Comhairle chun leanúint de bheith ag baint úsáide as bonn cuntasáochta an ghnó leantaigh ar feadh tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar a n-údaráítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

---

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ**  
(ar leanúint)***Eolas Eile***

Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas úd atá sa tuarascáil bhliantúil cé is moite de na ráitis airgeadais agus de mo thuarascáil orthusan. Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas breise agus, seachas an méid atá ráite go sonrach i mo thuarascáil, ní thugaim aon tátal dearbhaithe orthusan.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orm an t-eolas breise a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, cíoradh a dhéanamh féachaint an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó le heolas ar tháinig mé air agus mé i mbun an iniúchta, nó a fheictear dom a bheith míshonraithe go hábhartha ar aon dóigh eile. Má thagaim ar aon neamhréireacht ábhartha nó aon mhíríteas follasach tá dualgas orm a chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó aon mhíríteas ábhartha san eolas eile. Má thagaim ar an dtuairim, agus an tuairim bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ann san eolas breise, tá dualgas orm é sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis seo.

***Tuairimí faoi nithe eile***

Fuaireas gach eolas agus gach míniú a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta.

Is í mo thuairim go raibh taifid chuntasafóchta na Comhairle dóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus mar is cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

***Freagrachtaí faoi seach******Freagrachtaí comhaltaí na Comhairle as na ráitis airgeadais***

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine i bhfreagrachtaí comhaltaí na Comhairle atá leagtha amach ar leathanach 3, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh go mbeidís saor ó aon mhíríteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaos.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as cumas na Comhairle chun leanúint air mar ghnóthas leantach a mheas agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantach á nochtadh acu, mar atá infheidhmithe, agus leas á bhaint acu as bonn cuntasafóchta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé in intinn ag bainistíocht na Comhairle a leachtú nó éirí as gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu ach é sin a dhéanamh.

***Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais***

Tá mar aidhmeanna agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó aon mhíríteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaos, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint a chuimsíonn mo thuairim. Is dearbhú d'ardchaighdeán é dearbhú réasúnta, ach ní urrús é go n-éireoidh i gcónaí le hiniúchadh a dhéantar faoi réir CII (Éire) mírialtacht ábhartha a aimsiú nuair is ann dí. Is féidir le míráitis eascairt as calaos nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má cheaptar go réasúnta go bhféadfaidís, ina n-aonar nó ina n-iomláine, tionchar a imirt ar thuairimí eacnamaíochta úsáideoirí a bheadh bunaithe ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar an Suíomh Gréasáin IAASA ag: [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf). Tá an tuairisc seo mar chuid dár n-iniúchóirí tuarascáil.

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ**  
(ar leanúint)**Faisnéis bhreise ar scóip m'fhreagrachtaí mar iniúchóir**

Mar chuid d'iniúchadh faoi réir CII (Éire), tarraingim ar bhreithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta. Thairis sin:


- Aithním agus déanaim meastóireacht ar na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sé mar thoradh ar chalaois nó ar earráid, ar leagan amach nó ar ghnáthaimh fheidhmiúcháin an iniúchta bheith freagrúil do na rioscaí seo, agus fianaise iniúchóireachta a aimsiú atá dóthanach agus cuí chun bheith mar bhonn le mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofaí míráiteas a d'eascair as calaois ná ceann a d'eascródh as earráid, cionn is gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnamh d'aon ghnó, bréagléiriú nó sárú rialachais inmheánaigh bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar an rialachas inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun go bhféadfaí gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh a bheadh oiriúnach do na toscaí ach ní chun críche tuairim a nochtadh faoi éifeacht rialachas inmheánach na Comhairle.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chuibhiúlacht na bpolasaithe cuntasafóchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí
- Teach ar thuairim faoi cé chomh cuí is atá úsáid bhonn cuntasafóchta an ghnó leantaigh ag comhaltaí na Comhairle agus, i bhfianaise na faisnéise iniúchóireachta a fuarthas, faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí, a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Comhairle chun leanúint air mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an dtuairim gur ann d'éiginnteacht ábhartha tá dualgas orm i mo thuarascáil iniúchóra aird a dhíriú ar an nochtadh eolais gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, má tá an nochtadh gan a bheith dóthanach, mo thuairimí a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte agam suas le dáta mo thuarascáil iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó tosca amach anseo bheith ina gcúis le nach bhféadfadh an Chomhairle leanúint air mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais a mheas, ar a n-áirítear na nochtaithe agus faoi cé acu an léiríonn, nó nach léiríonn, na ráitis airgeadais bun-idirbhearta ar shlí a thugann léiriú cothrom.

**Faisnéis bhreise ar scóip m'fhreagrachtaí mar iniúchóir (ar leanúint)**

Tuairiscím leosan a bhfuil freagracht as rialachas orthu i leith, i measc nithe eile, scóip agus tráthúlacht pleanáilte an iniúchta maille le nithe suntasacha a aimsítear san iniúchadh, ar a n-áirítear aon easpa shuntasach sa rialachas inmheánach ar tháinig mé uirthi le linn m'iniúchta.

**Cuspóir m'obair iniúchóireacha agus cé do/di a bhfuil mé freagrach**

Is do chomhaltaí na Comhairle amháin, mar chomhlachas, mo thuarascáil. Thug mé faoi m'obair iniúchóireachta le go dtuairisceoinn do chomhaltaí na Comhairle na nithe úd a bhfuil dualgas orm a thuairisciú i mo thuairisc iniúchóireachta agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí, ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht as m'obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu, i leith duine ar bith eile seachas i leith na Comhairle agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlachas.



Seán Ó Súilleabháin

*Sínithe ar a shon agus thar a cheann:*

Seán Ó Súilleabháin & a Chomhlacht,  
Cúntasóirí Cairte & Iniúchóirí Reachtúil,  
An Meall,  
Daingean Úi Chúis,  
Co. Chiarraí.

Dáta: 22.6.2021

---

**RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2020**

---

	Notáí	<u>2020</u> €	<u>2019</u> €
Ioncam	1	2,339,606	2,152,529
Caiteachas		(2,183,452)	(2,045,174)
Farasbarr na bliana		<u>156,154</u>	<u>107,355</u>
Barrachas/(easnamh) ag tús na bliana		179,174	71,819
Barrachas ag deireadh na bliana		<u><u>335,328</u></u>	<u><u>179,174</u></u>




## CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31-12-2020

	Notáí	<u>2020</u> €	<u>2019</u> €
<b>SOCHMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe agus réamhíocaíocht Bainc agus Airgead Tirim	4	76,460 397,387	48,559 228,840
		<u>473,847</u>	<u>277,399</u>
CREIDIÚNAITHE (iníochta laistigh de bhliain amháin)	5	(138,519)	(98,225)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE INÍOCAÍOCHTAÍ		<u>335,328</u>	<u>179,174</u>
<b>CÚLCHISTE</b>			
Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas	6	<u>335,328</u>	<u>179,174</u>

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad lena n-eisiúint ar 22.6.2021. Síníodh iad thar a cheann ag:



Dónal Ó hAiniféin



Cathnia Ó Muircheartaigh

## NÓTAÍ AR NA RÁITEAS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2020

**1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA****Bunús an ullmhúcháin**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS 102) eisithe ag Údaras Maoirseachta Iniúcha agus Cuntasaíochta na hÉireann agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann

**Ioncam**

Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Ioncam na fíorfháltais airgid thirim I gcaitheamh na bliana

**Díolúine Ráiteas Shreabhadh Airgid**

Bhain an Chomhairle leas as an díolúine atá in Alt 1A den Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 agus mar thoradh air sin roghnaíodh gan ráiteas shreabhadh airgead a ullmhú.

**Tuarastal**

Íocann an Roinn Oideachas agus Scileanna baill áirithe d'fhoireann na Comhairle ar bhonn gníomhaireachta agus aisíoctar a t-airgead ó bhuiséad na Comhairle

**2. LEASANNA CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

Glacann an Chomhairle le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le leasanna Chomhaltaí a nochtadh. Cleachtadh gnó na Comhairle de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana. I gcás go raibh coinbhleacht leasa ann níor ghlac an comhalta cuí páirt sa phlé ná sa chinneadh

**3. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH**

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chibeál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir na ráitis airgeadais a ullmhú.

**4. FÉICHIÚNAITHE**

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
EDCO, ÁIS	39,095	37,512
Cíos Oifige – 2 mhí	10,688	10,865
Féichiúnaithe Éagsúla	1,839	182
Éarlais - Feithicle	24,838	0
	<u>76,460</u>	<u>48,559</u>

**5. CREIDIÚNAITHE**

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
An Tionscadal Soláthair	46,271	46,271
Polasaí don Oideachas Gaeltachta	49,785	24,218
Seirbhísí Gairmiúla	13,000	13,000
Áiseanna Iar-bhunscoileanna	12,311	2,541
Áiseanna Bunscoile	4,700	0
Triail Scrúduithe	8,082	0
Cáin Iarchoimeádtha as Íocaíochtaí i leith Seirbhísí Gairmiúla	4,137	0
Taisteal, Cothabháil	107	966
Creidiúnaithe Éagsúla	126	1,551
Seirbhís Taca	0	6,834
Mata	0	2,844
	<u>138,519</u>	<u>98,225</u>

## NÓTAÍ AR NA RÁITEAS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2020

**6. CÚLCHISTE**

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b>Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachais</b>		
Farasbarr/(Easnamh) ag tús na bliana	179,174	71,819
Barrachas/(Easnamh) na bliana	156,154	107,355
Barrachas ag deireadh na bliana	<u>335,328</u>	<u>179,174</u>

**7. TEAGMHAIS**

Níl aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana.

**8. RIALÚ**

Níl aon pháirtí rialaithe deiridh ag an gComhairle.

**9. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Cheadaigh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais seo agus d'údaraigh siad chun iad a eisiúint ar 22.6.2021.

MIONCHUNTAS TRÁDÁLA  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2020

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b><i>Ioncam</i></b>		
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,837,250	1,700,000
Tuarastail an Fheidhmeannais íochta ag an Roinn	297,079	270,974
Polasáí don Oideachas Gaeltachta	112,500	118,150
Díolacháin	92,765	63,397
Ús Taisce	12	8
	<u>2,339,606</u>	<u>2,152,529</u>
<b><i>Caiteachas</i></b>		
Tuarastail	452,354	373,883
Taighde	166,338	39,361
Áiseanna Iar-bhunscoile	592,194	617,037
Áiseanna Bunscoile	509,520	440,771
Seirbhísí Taca	173,246	210,025
Polasáí don Oideachas Gaeltachta	112,500	118,150
Breacadh	0	7,188
Cíos Oifige agus Stóráil	82,755	84,109
Slándáil agus Árachas	849	1,899
Cruinnithe agus Seimineáir	1,478	7,638
Taisteal agus Cothabháil	3,755	43,555
Teicneolaíocht Faisnéise	13,441	19,451
Seirbhísí Gairmiúla	37,152	29,487
Costais Oifige	26,498	38,208
Fógraíocht	3,574	6,195
Oiliúint agus Forbairt Foirne	7,798	8,217
	<u>2,183,452</u>	<u>2,045,174</u>
<b><i>Barrachas (Easnamh) na bliana</i></b>	<u>156,154</u>	<u>107,355</u>